Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**10015/1/25**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0072(COD)**

**AVIATION 75**
**CONSOM 98**
**CODEC 762**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó ina gcuirfear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer, a ghlacadh<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 29 Meán Fómhair 2025 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún a thogra[1] le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 agus ar Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 i mí an Mhárta 2013.

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim an 11 Iúil 2013. Chinn Coiste na Réigiún gan tuairim a thabhairt uaidh.

3. Thug Parlaimint na hEorpa a céad léamh chun críche i mí Feabhra 2014.[2]

4. Ghlac an Chomhairle a tuairim ar an gcéad léamh an 29 Meán Fómhair 2025.

## II. CUSPÓIR

5. Is iad cuspóirí an togra a áirithiú go gcuirfidh aeriompróirí cosaint ardleibhéil ar fáil d'aerphaisinéirí le linn suaití taistil agus, ag an am céanna, deimhin a dhéanamh den chothromaíocht cheart idir leasanna fadtéarmacha na bpaisinéirí agus an tionscail araon.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. Eolas ginearálta

6. Ghlac Parlaimint na hEorpa 168 leasú ar an togra ón gCoimisiún. Tá go leor acu inghlactha a bheag nó a mhór ag an gComhairle agus dá bhrí sin chuir an Chomhairle san áireamh iad ina seasamh ar an gcéad léamh go hiomlán, go páirteach nó i bprionsabal.

7. Níor ghlac an Chomhairle leis na leasuithe eile, i measc nithe eile, toisc nach raibh a mbreisluach soiléir nó toisc nach raibh siad comhsheasmhach le codanna eile dá seasamh ar an gcéad léamh, nó toisc nach bhfuil siad ag luí le reachtaíocht eile de chuid an Aontais nó toisc go bhfuil siad iomarcach mar gheall ar thograí reachtacha ina dhiaidh sin.

---

[1] 7615/13.
[2] 5941/14.

8. Áirítear chomh maith sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh roinnt athruithe seachas na cinn a bheartaítear i seasamh Pharlaimint na hEorpa. Tá cur síos, i roinn D thíos, ar na príomhathruithe ó thaobh substainte de. Thairis sin, léiríodh rialuithe suntasacha ón gCúirt Bhreithiúnais ó 2013 i leith agus rinneadh forálacha áirithe a shonrú a thuilleadh i bhfianaise na rialuithe agus na taithí sin a fuarthas agus na Rialacháin á gcur i bhfeidhm. Thairis sin, chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na tograí ón gCoimisiún maidir le forfheidhmiú agus turais ilmhódacha, leis an seasamh ón gComhairle, déantar sprioc-amanna agus téarmaíocht a ailíniú a mhéid is féidir leis na Cuir Chuige Ginearálta a chomhaontaigh an Chomhairle i mí na Nollag 2024 maidir leis na tograí sin. Ar deireadh, rinneadh athruithe chun an téacs a shoiléiriú agus chun comhleanúnachas na Rialachán atá beartaithe a áirithiú i gcoitinne.

## B. Leasuithe Pharlaimint na hEorpa a áirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh

9. Corpraítear na leasuithe seo a leanas i seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, go hiomlán nó go páirteach, nó corpraítear sa seasamh sin téacs a bhfuil an cuspóir céanna aige go hiomlán nó go páirteach: 38, 39, 174/REV, 52, 57, 64, 66, 70, 71, 77, 78, 82, 86, 90, 92, 94, 97, 107, 108, 109, 111, 126, 128, 141, 151, 150, 158, 162, 163, 164.

10. Mar sin féin:

- Sainítear pleananna teagmhasacha na n-aerfort in Airteagal 10a agus tá siad éigeantach d’aerfoirt an Aontais a bhfuil trácht bliantúil os cionn 5 mhilliún paisinéir acu agus an deis ag na Ballstáit a n-aerfoirt atá faoi bhun na tairsí sin a roghnú; ní sheoltar na tuarascálacha sin chuig na comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe ach amháin arna iarraidh sin dóibh.
- Tá méideanna cúitimh le nuashonrú faoin ngnáthnós imeachta reachtach ar bhonn togra ón gCoimisiún.
- Má dhéanann an paisinéir féin an t-athródú, d’fhéadfadh aisíocaíocht na gcostas a bheith suas le 400 % de chostas iomlán an ticéid.

– Rinneadh na ceanglais maidir le faisnéis do phaisinéirí i gcás cur isteach a shonrú a thuilleadh agus cuireadh isteach iad faoi Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 6 chun soiléireacht an Rialacháin a mhéadú.

– Is i bhformáid inrochtana a bheidh an fhaisnéis uile a chuirfear ar fáil do phaisinéirí faoi Rialachán 261/2004.

– Tá na sprioc-amanna a leagtar síos faoi Airteagal 16a sa seasamh ón gComhairle níos fabhraí do phaisinéirí.

– Cé go ndéanann Parlaimint na hEorpa foráil maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, measann an Chomhairle go bhfuil sé níos iomchuí, i bhfianaise na tábhachta polaitiúla, go ndéanfaidh an dá chomhreachtóir liosta na n-imthosca urghnácha a thabhairt cothrom le dáta faoin ngnáthnós imeachta reachtach ar bhonn togra ón gCoimisiún.

– Ba cheart cloí le prionsabal na saoirse praghsála faoi Rialachán (CE) 1008/2008.

C. **<u>Leasuithe Pharlaimint na hEorpa nach n-áirítear le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh</u>**

11. Ní raibh na leasuithe seo a leanas inghlactha ag an gComhairle: 40, 41, 42, 43, 44, 45, 46, 47, 48, 49, 50, 51, 53, 54, 55, 56, 58, 59, 60, 61, 63, 65, 67, 68, 69, 72, 73, 74, 75, 76, 79, 80, 81, 83, 84, 85, 87, 88, 89, 91, 93, 95, 96, 98, 99, 100, 101, 102, 103, 104, 105, 106, 110, 113, 112, 114, 115, 116, 117, 118, 119, 120, 121, 122, 123, 124, 125, 127, 129, 130, 131, 133, 134, 135, 136, 137, 138, 139, 140, 142, 143, 144, 145, 146, 147, 148, 149, 152, 153, 154, 155, 156, 157, 160, 161, 165, 166, 167, 168, 169.

12. Ní raibh siad inghlactha ar na cúiseanna seo a leanas.

*Idirghníomhú le píosaí eile de reachtaíocht an Aontais agus le prionsabail dlí*

– Níl leasú 40 ná leasú 56 comhsheasmhach le Treoir (AE) 2015/2302.

– Tá leasuithe 42 agus 55 iomarcach, i bhfianaise an togra ón gCoimisiún maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs turas ilmhódach.

– Tá leasuithe 47, 48, 102, 114, 115 agus 117 iomarcach i bhfianaise an togra ón gCoimisiún maidir le cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú.

– Níl leasú 96 i gcomhréir leis na teorainneacha a shainítear faoi Threoir (AE) 2015/2302.

– Sainítear i leasú 69 na hoibleagáidí i gcás dócmhainneacht aeriompróra; b'fhearr aghaidh a thabhairt orthu i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Rialachán (CE) 1008/2008.

– Tagann leasú 101 salach ar an oibleagáid atá ar chomhlachtaí bainistithe aerfoirt faoi Airteagal 7 de Rialachán (CE) 1107/2006.

– Tá leasú 104 ar neamhréir leis an dlí sibhialta agus le prionsabail na gconarthaí tráchtála.

– Tá leasuithe 116 agus 156 lasmuigh de raon feidhme Rialachán (CE) 261/2004 agus cuireann siad isteach ar phíosaí eile de reachtaíocht an Aontais.

– Cuireann leasuithe 119, 120, 121, 122, 129, 130, 131, 132 agus 135 isteach ar phrionsabal neamhspleáchais nós imeachta na mBallstát.

– Tá leasú 145 ag imeacht ó Choinbhinsiún Montréal.

– Tagann leasú 147 salach ar na hoibleagáidí a shocraítear faoi Rialachán (CE) 1107/2006.

*Breisluach teoranta*

– Níl leasuithe 93, 112 ná 127 cothrom le dáta a thuilleadh.

– Dar leis an gComhairle, d'fhéadfadh leasuithe 59, 134, 161, 165, 166, 167 agus 168 a bheith ina n-ábhar mearbhaill dhlíthiúil.

– Dar leis an gComhairle nach soláthródh leasuithe 41, 136, 137, 138, 139, 140, 142, 143, 146, 149, 152, 155, 159 breisluach.

*Éagsúlacht ón gcásdlí*

– Meastar i leasuithe 43 agus 61 gurb ionann athrú ar an sceideal agus an cead bordála a dhiúltú, rud a mheas an Chomhairle a bheith míchuí.

– Féachann leasú 73 le ceart chun aisíocaíochta agus athródaithe a shainiú i gcás athsceidealú níos mó ná 3 uair an chloig roimh an am imeachta tosaigh, ach ceanglaítear le prionsabal na córa comhionainne go ndéanfar an tairseach ama i gcás aisíocaíochta, athródaithe agus cúitimh a ailíniú.

– Is é seasamh na Comhairle go measfar eitilt atreoraithe a bheith ina cealú faoi choinníollacha áirithe a imíonn ó na coinníollacha a mholtar i leasú 44 agus i leasú 51.

*Togra ón gCoimisiún níos oiriúnaí*

– Ní féidir imthosca urghnácha a thuar de bharr a gcineáil. Ba cheart liosta na n-imthosca urghnácha a bheith neamh-uileghabhálach i gcónaí i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún agus contrártha do leasú 45 agus leasú 160.

– Ba cheart cearta a theorannú do na nasceitiltí faoi chonradh aeriompair aonair i gcomhréir leis an gcásdlí agus leis an togra ón gCoimisiún, murab ionann agus leasú 46.

– Ríomhtar an praghas eitilte i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún, murab ionann agus leasú 49.

– Le leasú 58, scriostar cúnamh agus cúiteamh láithreach gan iarraidh mar a mhol an Coimisiún agus baineann sé an bonn de chearta paisinéirí.

– I gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún, méadaíonn leasú 98 castacht na roghanna atá á dtairiscint do phaisinéirí agus cruthaíonn sé mearbhall dlíthiúil maidir le méid na gcostas a d'fhéadfaí a chumhdach.

– Faoi leasú 100, cumhdaítear leis an bhfógra gach turas faoi thicéad céanna, cé go measann an Chomhairle go gcumhdaítear leis an bhfógra gach turas faoin gconradh céanna, mar a mhol an Coimisiún.

*Cur chuige éagsúil arna leanúint ag an gComhairle*

– Ní thagann leasuithe 50, 63, 72, 74, 76, 79, 81, 83, 84, 85, 87, 88, 99, 105 leis na hathruithe a thug an Chomhairle isteach, ar leagadh a bpríomheilimintí amach i roinn D thíos.

– Níl feidhm ag an oibleagáid atá ar na paisinéirí iad féin a chur i láthair le haghaidh bordála ach amháin i gcás nach gceadaítear dóibh bordáil ach amháin más rud é gur cuireadh paisinéirí ar an eolas roimh ré, murab ionann agus leasú 53 a chuireann an oibleagáid sin i bhfeidhm maidir le gach cur isteach.

– Le leasú 54, eisiatar leanaí faoi bhun 2 bhliain d'aois nach bhfuil aon suíochán ar leith curtha in áirithe ina leith ó raon feidhme an Rialacháin maidir le cearta aerphaisinéirí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le saincheisteanna suntasacha maidir le hathródú agus cúnamh a thabhairt do phaisinéirí.

– Le leasú 60, leathnaítear an fhéidearthacht go ndéanfaí ceartú ar roinnt botún litrithe agus le leasú 169 cuirtear teorainn leis an bhféidearthacht atá ag aeriompróirí bordáil a dhiúltú do phaisinéir a bhfuil doiciméadacht neamhbhailí aige. D'fhéadfadh impleachtaí suntasacha dlíthiúla agus oibríochtúla a bheith ag na leasuithe sin d'aeriompróirí.

– Le leasuithe 65 agus 75, cuirtear teorainn leis an bhféidearthacht imthosca urghnácha a agairt do dhá eitilt san ord uainíochta cé go dteorannaítear an fhéidearthacht sin le seasamh na Comhairle do thrí eitilt san uainíocht.

– Tá leasú 103 ar neamhréir le cur chuige na Comhairle agus le staid reatha an dlí lena n-eisiatar cúiteamh dúbailte.

– Níl leasuithe 80 ná 118 ailínithe le raon feidhme Rialachán (CE) 261/2004.

– Níl leasú 124 comhsheasmhach leis an gcur chuige a lean an Chomhairle maidir le sásraí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt.

*Ualach míchuí*

- Le leasuithe 67, 68, 106, 110 agus 144 forchuirtear oibleagáidí díréireacha ar chomhlachtaí bainistithe aerfort agus ar aeriompróirí.
- Le cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le nasceitiltí chuig modhanna eile iompair a úsáidtear d'athródú dá bhforáiltear le leasú 89, cruthaítear deacrachtaí oibríochtúla.
- Le leasuithe 91, 152, 153, 154 agus 157, tugtar isteach ualach díréireach ar an aeriompróir agus d'fhéadfadh sé deacrachtaí tromchúiseacha oibríochtúla a chruthú.
- Bheadh gá le measúnú tionchair chun leasú 95 a thabhairt isteach.
- Le leasú 113, forchuirtear costais dhíréireacha ar aeriompróirí.
- Chuirfeadh leasuithe 123 agus 148 ualach riaracháin míchuí ar Chomhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmithe.
- Chuirfeadh leasú 125 ualach riaracháin míchuí díréireach ar aeriompróirí agus ar Chomhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmiúcháin.

## D. <u>Athruithe eile a áirítear le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh</u>

13. Baineann na hathruithe ó thaobh substainte de i gcomparáid leis an togra tosaigh ón g<u>Coimisiún</u> go príomha leis na rialacha maidir le cúiteamh:

    - I bhformhór na gcásanna beidh paisinéirí a gcuirtear in iúl dóibh gur cuireadh a n-eitilt ar ceal níos lú ná 14 lá roimh imeacht dóibh, i dteideal cúiteamh feasta. Chuige sin, ní mór d'aeriompróirí foirm réamhlíonta a sholáthar do phaisinéirí ar eitiltí a cuireadh ar ceal chun an cúiteamh a iarraidh.

- Cuirtear na tairseacha faid chéanna i bhfeidhm chun an mhoill agus an méid cúitimh a ríomh: (1) i gcás turais laistigh den Aontas agus turais faoi bhun 3 500 km agus (2) i gcás turais is faide ná 3500 km. Léiríonn na tairseacha sin difríochtaí i srianta oibríochtúla, eispéiris paisinéirí agus dálaí iomaíochta agus áirithítear leo cóir chomhionann do phaisinéirí ar thurais laistigh den Aontas.

- Leagtar síos sa seasamh ón gComhairle na tairseacha ama le haghaidh cúitimh ag 4 agus 6 uair an chloig de mhoill ach mhol an Coimisiún 3 thairseach de 5/9/12 uair an chloig ag brath ar an achar.

- Méadaíodh méid an chúitimh ar eitiltí nó eitiltí faoi bhun 3500 km laistigh den Aontas beagán chun an méadú uair an chloig ar an tairseach ama le haghaidh moille a fhrithchothromú. Laghdaíodh méid an chúitimh ar eitiltí os cionn 3 500 km beagán chun saobhadh iomaíochta a eascraíonn as iomaíocht idirnáisiúnta ar eitiltí cianaistir a laghdú.

- Ní ceadmhach d'aeriompróirí teacht ar chomhaontú deonach le paisinéir a chuirfí in ionad an chúitimh ach amháin i gcás nach gceadaítear don phaisinéir bordáil.

- Laistigh de 3 bliana ó chur i bhfeidhm Rialachán (CE) 261/2004, sa leagan a bheidh mar thoradh ar an leasú reachtaíochta reatha, tá sainordú ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis na tairseacha le haghaidh cúitimh a choigeartú ar bhonn staitisticí maidir le héabhlóid na gcealuithe agus na moilleanna ó 5 bliana roimhe sin agus gach bliain ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

- Beidh suas le 6 mhí ó dháta an chur isteach iarraidh nó gearán a chur faoi bhráid an aeriompróra. Tugtar isteach sprioc-am 14 lá ó cuireadh an iarraidh isteach chun go n-íocfaidh an t-aeriompróir an cúiteamh nó chun freagra cuí-réasúnaithe a thabhairt don phaisinéir.

14. Déantar achoimre ar athruithe eile ó thaobh substainte thíos:

– Neartaíodh oibleagáidí na n-aeriompróirí agus na n-idirghabhálaithe ó thaobh faisnéis réamhchonarthach agus faisnéise i gcás cur isteach.

– Más rud é, i gcás cur isteach, go n-iarrann paisinéir go n-aisíocfar costas eitilte, beidh an aisíocaíocht sin uathoibríoch.

– Tháinig feabhas suntasach ar na rialacha maidir le hathródú. Ní mór d'aeriompróir roghanna malartacha ar a sheirbhísí féin a thabhairt do phaisinéirí (e.g. seirbhísí aeriompróra eile nó modh iompair eile) ionas go mbainfidh na paisinéirí ceann scríbe amach a luaithe is féidir. Mura dtairgeann an t-aeriompróir athródú laistigh de 3 uair an chloig tar éis don phaisinéir a rogha go ndéanfaí é a athródú a dhearbhú, féadfaidh an paisinéir a shocruithe nó a socruithe féin a dhéanamh.

– Rinneadh na rialacha maidir le cúnamh do phaisinéirí a shoiléiriú agus a neartú freisin. Déantar cur síos ar na cearta chun sólaistí, bia agus lóistín. Mura gcomhlíonann an t-aeriompróir a oibleagáidí cúnaimh, tá sé de cheart ag na paisinéirí a socruithe féin a dhéanamh agus aisíocaíocht a fháil ón aeriompróir laistigh de 14 lá.

– I gcomhréir leis an Treoir maidir le Taisteal Láneagraithe, i gcás imthosca urghnácha, féadfaidh aeriompróir teorainn 3 oíche a chur leis an gcóiríocht a chuirtear ar fáil, gan uasteorainn ar phraghas an óstáin. Níl feidhm ag an teorainn ar líon na n-oícheanta maidir le daoine a bhfuil riachtanais shonracha acu.

– I gcás moille ar an tarmac, a shainítear ó oscailt go dúnadh na ndoirse, tá paisinéirí i dteideal cúnamh íosta a fháil agus ní mór iad a dhíbhordáil tar éis 3 uair an chloig.

– Neartaítear go suntasach cearta na bpaisinéirí a bhfuil riachtanais shonracha acu, cuir i gcás daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear mná torracha, leanaí agus daoine a bhfuil riachtanais shonracha leighis acu. Toirmisctear cead bordála a dhiúltú do dhaoine a bhfuil riachtanais shonracha acu. Tugtar isteach an fhéidearthacht madraí cuidithe aitheanta a bheith in éineacht leo agus féadfar daoine a bhfuil riachtanais shonracha acu a shuí in éineacht leis na daoine atá á dtionlacan. I gcás damáiste, cailleadh, scriosadh trealaimh soghluaisteachta nó gortú nó bás madraí cuidithe aitheanta, ní mór don aeriompróir athsholáthar sealadach nó réiteach athsholáthair malartach a chur ar fáil.

– D’fhonn feabhas a chur ar an gcothrom iomaíochta idir aeriompróirí de chuid an Aontais agus aeriompróirí tríú tír, tá sainordú ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, laistigh de 3 bliana ó chur i bhfeidhm Rialachán (CE) 261/2004, ar a indéanta atá sé raon feidhme an Rialacháin a leathnú chuig paisinéirí a thagann i dtír ó thríú tíortha ar eitiltí arna n-oibriú ag aeriompróirí tríú tír, agus bealaí chun cinn a mholadh chun coinbhleachtaí dlínse agus saincheisteanna forfheidhmithe a réiteach.

– Shoiléirigh an Chomhairle toisí na míre pearsanta ar gné riachtanach í de thurais paisinéirí is féidir leo a thabhairt leo sa chábán gan aon chostas breise.

## IV. CONCLÚID

15. Creideann an Chomhairle gur téacs cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh agus na leasanna éagsúla go léir lena mbaineann á gcur san áireamh. Tá an Chomhairle ag súil le plé cuiditheach le Parlaimint na hEorpa ar an dara léamh chun go nglacfaí an Rialachán seo.